


Máistir-Fhisráiteas /
Master Vision Statement
2018–2032

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

An tAm atá Thart agus an tAm atá le Teacht a Cheangal

Connecting our Past and our Future




Contents

Sracfhéachaint ar AMÉ NMI at a Glance	4
Máistirfhís Master Vision	6
Ár Máistir-Fhísráiteas 15 bliana Our 15-year Master Vision Statement	8
Ár bhFís, Ár Luachanna Our Vision, Our Values	10
Forbairtí Straitéiseacha sa Todhchaí Future Strategic Developments	12
Forbairtí Fisiceacha sa Todhchaí Future Physical Developments	14

Bailíonn agus caomhnaíonn Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ) ábhair a bhaineann le stair agus le cultúr na hÉireann, agus lena háit sa domhan mór. Téann na bailiúcháin seo siar níos mó ná dhá chéad bliain agus soláthraítear nasc ríthábhachtach leo lenár n-am atá thart, comhroinnte agus aonair araon. Déanann an Músaem a dhícheall chun léiriú de mhórtas náisiúnta a chruthú, a thacú agus a neartú. Is é ár n-aidhm acmhainn uathúil agus údarach a sholáthar do chuairteoirí d'fhonn foghlaim, cruthaitheacht agus spreagadh a chur chun cinn trí eispéiris mhealltacha.



The National Museum of Ireland (NMI) collects and preserves objects relating to the history and culture of Ireland, and its place in the wider world. These collections date back more than two centuries and provide a vital connection to our shared and individual past. The Museum strives to create, support and strengthen an expression of national pride. We aim to provide visitors with a unique and authentic resource to promote learning, creativity, and inspiration through engaging experiences.



Sracfhéachaint ar AMÉ

NMI at a Glance



162
Foireann
Staff



4m
Ábhar
Objects



40
Iasachtaí in Éirinn
Loans in Ireland



270%
Méadú ar ghiniúint ioncaim ó 2013-16
Increase in revenue generation from
2013-16



22
Iasachtaí thar lear
Loans overseas



1.3m
Cuirteanna (2016)
Visits (2016)



420,000
Rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí
foghlama agus oideachais
Participants in learning and
education activities



€12m
Buiséad
Budget



16
Comhalta boird deonach
Member voluntary board

Máistirfhís

Master Vision

Bailiúcháin: Cosaint, Sábháilteacht, Inrochtaineacht.

Collections: Protect, Safeguard, Make Accessible.

Plean Straitéiseach
Strategic Plan
2018 – 2022


Plean Straitéiseach
Strategic Plan
2023 – 2027

Plean Straitéiseach
Strategic Plan
2028 – 2032

- Stair an Dúlra – Sráid Mhuirfean
Natural History – Merrion Street
- Seandálaíocht – Sráid Chill Dara
Archaeology – Kildare Street
- Saol na Tuaithe – Páirc Thurlaigh
Country Life – Turlough Park
- Na hEalaíona Maisiúla & Stair – Dún Uí Choileáin
Decorative Arts & History – Collins Barracks

AMÉ a thrasfhoirmiú: Ár Máistir-Fhísraíteas 15 bliana.

In 2016 agus 2017, rinne Ard-Mhúsaem na hÉireann machnamh maidir le conas is féidir linn seirbhísí don phobal a fheabhsú.



Transforming the NMI: Our 15-year Master Vision Statement.

In 2016 and 2017, the National Museum of Ireland took time to consider how we can improve services to the public.

D'iarramar a gcuid smaointe ónár gcuairteoirí; rinne ár bhfoireann iniúchadh maidir le conas ar féidir lenár mbailiúcháin agus lenár bhfoirgnimh freastal ar dhaoine ar bhealach níos fearr; d'éisteamar le príomhchomhpháirtithe ar leibhéal an Rialtais agus san earnáil chultúrtha.

Bhreithnigh ár mBord na dearcthaí agus na moltaí, agus leag siad amach príomhghníomhaíochtaí lena gcuirfear taca le forbairtí ag Ard-Mhúsaem na hÉireann thar na 15 bliana le teacht.

Chun sin a bhaint amach, déanfaimid trí phlean eagrúcháin agus straitéiseacha a fhorbairt, agus mairfidh gach ceann acu cúig bliana.

In éineacht leis na straitéisí, déanfaimid máistirphlean a fhorbairt do gach ceann de shuíomhanna an Mhúsaem.

Trí phlean cur chun feidhme cinnteofar go ndéanfar na tiomantais a réadú. Ag comhlíonadh ár bhfreagracht náisiúnta, cuirfimid ár mbailiúcháin ar fáil ar líne agus cuirfimid deiseanna ar fáil do mhúsaem áitiúla agus réigiúnacha agus pobail ar fud na tíre teacht ar ár mbailiúcháin.

Ag deireadh 15 bliana, beidh Ard-Mhúsaem na hÉireann trasfhoirmithe againn ina institiúid de sheasamh idirnáisiúnta.

We asked our audiences for their thoughts; staff examined how our collections and buildings could better serve people; we listened to key partners at Government level and in the cultural sector.

Our Board considered these views and proposals, and set out key actions that will underpin developments at the National Museum of Ireland over the next 15 years.

To achieve this, we will develop three organisational and strategic plans, each spanning five years.

Alongside the strategies, we will develop a masterplan for each of the Museum's sites.

An implementation plan will ensure that commitments are realised. To fulfil our national remit, we will make our collections available online and develop opportunities for local and regional museums and communities across Ireland to engage with our collections.

In 15 years, we will have transformed the National Museum of Ireland into an institution of international standing.



Ár bhFís, Ár Luachanna.

Is é ár bhfís d'AMÉ ná músaem de cháilíocht idirnáisiúnta, trína ndéanfar scéalta na Éireann agus a háit sa domhan mór a chaomhnú agus a chur i láthair.



Our Vision, Our Values.

Our vision for NMI is a museum of international quality, preserving and presenting the stories of Ireland and its place in the world.

Ár Luachanna

Maoirseacht: Táimid freagrach as cúram proifisiúnta agus léirmhíniú na mbailiúchán náisiúnta, arna dtreorú ag diantaghde, léann agus saineolas na foirne.

Nuáil: Is é ár n-aidhm ár gcumas a mhéadú chun ár mbailiúcháin a chomhroinnt ar fud ardáin fhisiceacha agus ar líne, agus bealaí nuálacha á bhfiosrú chun comhoibriú a dhéanamh thar oideachas, taighde, léann músaem, forbairt eacnamaíoch agus eolaíocht.

Follasacht: Déanaimid ár ndícheall chun plé le gach duine ar bhonn oscailte agus chun prionsabail láidre um rialachas corparáideach agus comhlíontacht a oibriú. Tá na bailiúcháin á gcoimeád againn ar son shaoránaigh na hÉireann agus soláthraimid lionsa trínar féidir lenár gcuairteoirí peirspictíochtaí ar an todhchaí agus tuiscint fheabhsaithe ar an am atá thart a aimsiú.

Rochtain: Cuirimid fáilte roimh chách. Déanfaimid deimhin de go mbíonn rochtain fhorleathan ar ár mbailiúcháin agus ár ngníomhaíochtaí agus déanfaimid iarracht teagmháil a dhéanamh le spriocluchtanna nua. Is é ár n-aidhm rochtain a sholáthar do chách ar fud na suíomhanna uile dár gcuid.

Comhoibriú: Oibreoidimid le heagraíochtaí agus le pobail chun ár n-iarmhairt a uasmhéadú agus ár n-idirghníomhú a mhéadú ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Our Values

Stewardship: We are responsible for the professional care and interpretation of the national collections, informed by rigorous research, scholarship and staff expertise.

Innovation: We aim to increase our capacity to share our collections across physical and online platforms, exploring innovative ways of collaborating across education, research, museum studies, economic development and science.

Transparency: We strive to deal openly with all and operate strong corporate governance and compliance principles. We hold the collections for the citizens of Ireland and we provide a lens for our visitors to gain perspectives on the future and enhanced understanding of our past.

Accessibility: We are for everyone. We will ensure our collections and activities are wide-reaching and will seek to engage with new audiences. We aim to provide universal access across all our sites.

Collaboration: We will work with organisations and communities to maximise our impact and increase our interaction at local, national and international level.



Athrú a Chruthú:

Forbairtí Straitéiseacha sa Todhchaí.

Bainfidh Ard-Mhúsaem na hÉireann úsáid as na céad trí phlean straitéiseacha eile dá chuid chun na nithe a leanas a chur chun feidhme:



Creating Change:

Future Strategic Developments.

The National Museum of Ireland will use its next three strategic plans to implement:

- Athrú eagrúcháin lena gcuidítear leis an bhfoireann agus le hoibrithe deonacha ár bhfís a bhaint amach.
- Infheistíocht i dtaighde, foghlaim, nuáil agus digitíú d'fhonn an Músaem a chumasú a raon feidhme a shíneadh.
- Caidreamh oibre straitéiseach agus inbhuanaithe le príomhghníomhaireachtaí is comhpháirtithe, lena n-áirítear ár máthair-Roinn, Oifig na nOibreacha Poiblí, Clár Éire Ildánach, agus comh-institiúidí cultúrtha.
- Comhpháirtíochtaí réigiúnacha a fhorbairt go réamhghníomhach chun seirbhís fhíor-náisiúnta a sholáthar.
- Caighdeáin phroifisiúnta barr feabhais a chinntiú maidir le cúram na mbailiúchán.
- Comhoibriú ar fud na n-earnálacha oideachais, pobail agus turasóireachta d'fhonn tacaíocht fheabhsaithe don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chinntiú.
- Teagmháil a dhéanamh le spriocluchtanna nua.
- Forbairt inbhuanaithe lena dtugtar meas don chomhshaol, arna tacú ag straitéis airgeadais fhónta.
- Organisational change that helps staff and volunteers to achieve our vision.
- Investment in research, learning, innovation and digitisation to enable the Museum to extend its reach.
- A strategic and sustainable working relationship with key partner agencies, including our parent Department, OPW, Creative Ireland, and fellow cultural institutions.
- The proactive development of regional partnerships to deliver a truly national service.
- Ensuring professional standards of excellence in collections care.
- Collaborations across education, community and tourism sectors to ensure improved support for economic and social development.
- The engagement of new audiences.
- Sustainable development that respects the environment, supported by a sound financial strategy.



Athrú a Thógáil:

Forbairtí Fisiceacha sa Todhchaí.

Cuirfear taca le forbairtí fisiceacha ar fud shuíomhanna an Mhúsaeim thar na 15 bliana le teacht ag trí phrionsabal.



Building Change:

Future Physical Developments.

The physical developments across the Museum's sites over the next 15 years will be underpinned by three principles.

Ár dTrí Phrionsabal

Cosaint:

Chun na riochtaí is fearr a sholáthar maidir le cúram ár mbailiúchán, chomh maith le rochtain le haghaidh oideachais agus taighde.

Sábháilteacht:

Chun a chinntiú go mbeidh suíomhanna AMÉ uile sábháilte agus slán le haghaidh na mbailiúchán agus an phobail.

Inrochtaineacht:

Chun rochtain iomlán a sholáthar do dhaoine uile ar shuíomhanna, taispeántais agus léirmhíneithe AMÉ.

Cé go mbeidh máistirphlean ar leith ag baint le gach suíomh, beidh gach plan bunaithe ar na gnéithe sin.

Our Three Principles

Protect:

To provide the best conditions for the care of our collections, as well as access for education and research.

Safeguard:

To ensure all of the NMI sites are safe and secure for the collections and the public.

Make Accessible:

To make NMI's sites, exhibitions and interpretations fully accessible for all people.

While each site will have a distinct masterplan, each plan will be predicated on these considerations.



Ard-Mhúsaem na hÉireann – Stair an Dúlra

Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath

- Plean forbartha agus rialaithe mionsonraithe a ullmhú chun tabhairt faoi gach riosca doiciméadaithe.
- Forfhoirgneamh nua a sholáthar chun caighdeán nua-aimseartha a chumasú maidir le hardaitheoir rochtana, éalú i gcás dóiteáin, seirbhísí poiblí, chomh maith le saoráidí don fhoireann agus do chuairoteoirí, d'fhonn an foirgneamh stairiúil a chumasú a acmhainneacht iomlán a réadú mar 'mhúsaem músaeim'.
- Limistéir taispeána agus seirbhísí léirmhíneithe a athchóiriú go hiomlán.
- Músaem Stair an Dúlra ar Shráid Mhuirfean a nascadh le AMÉ – Seandálaíocht ar Shráid Chill Dara, agus naisc a chruthú le hinstitiúidí cultúrtha eile sa chomharsanacht.

National Museum of Ireland – Natural History

Merrion Street, Dublin

- Prepare a detailed development and control plan to address all documented risks.
- Provide a new extension to enable modern standards of access – lift, fire egress, public services, as well as facilities for staff and visitors, to enable the historic building to release its full potential as a 'museum of a museum'.
- Renew the glass roof and address issues regarding the building's fabric.
- Revamp exhibition areas and interpretation services.
- Link the Natural History Museum on Merrion Street with NMI – Archaeology on Kildare Street, and create links to other cultural institutions in the vicinity.



Ard-Mhúsaem na hÉireann – Seandálaíocht

Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath

- Saoráidí do chuairoteoirí a fheabhsú, agus gach spás stairiúil a úsáid le haghaidh úsáid phoiblí.
- Bealach isteach feabhsaithe a sholáthar d'fhonn sreabhadh ard na gcuairoteoirí agus iontráil grúpaí a bhainistiú.
- Saoráidí ardaitheora agus mionathruithe maidir le rochtain do chách a sholáthar, agus cúrsaíocht agus sábháilteacht á bhfeabhsú.
- An spás do thaispeántais a shíneadh.
- AMÉ – Seandálaíocht ar Shráid Chill Dara a nascadh le Músaem Stair an Dúlra ar Shráid Mhuirfean.

National Museum of Ireland – Archaeology

Kildare Street, Dublin

- Improve visitor facilities, using all historic spaces for public use.
- Provide an improved entrance to manage the high visitor flow and group entry.
- Provide lift facilities and universal access, improving circulation and safety.
- Expand exhibition space.
- Link NMI – Archaeology on Kildare Street with the Natural History Museum on Merrion Street.



Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe

Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh,
Co. Mhaigh Eo

- An suíomh a fhorbairt chun a acmhainneacht iomlán a réadú mar mhúsaem na staire sóisialta.
- An suíomh a fhorbairt chun saoráidí páirceála breise a chur san áireamh; ionad acmhainní tiomanta um bailiúcháin a fhorbairt d'ÁMÉ – Saol na Tuaithe; nascacht níos mó a sholáthar laistigh den suíomh le foirgnimh éagsúla an Mhúsaem.
- Spásanna taispeántais a uasghrádú, lena n-áirítear spás tiomanta do thaispeántais speisialta chun buan-taispeántais a chomhlánú.



National Museum of Ireland – Country Life

Turlough Park, Castlebar,
Co. Mayo

- Develop the site as a museum of social history.
- Develop the site to include additional parking facilities; develop a dedicated collections resource centre for NMI – Country Life; provide greater connectivity within the site to the various Museum buildings.
- Upgrade and expand exhibition spaces, including a dedicated space for special exhibitions to complement permanent exhibitions.



Ard-Mhúsaem na hÉireann – na hEalaíona Maisiúla agus Stair

Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath

- Dún Uí Choileáin a fhorbairt mar phointe fócasach shuíomhanna uile AMÉ, agus riarachán, taighde agus forbairt seirbhísí á lárú ag an suíomh seo.
- Nasc a chruthú go Dún Uí Choileáin ón Life d'fhonn infheictheacht agus comhtháthú leis an gcathair a fheabhsú.
- Saoráidí ar an suíomh a fhorbairt, lena n-áirítear rochtain fheabhsaithe ar na bailiúcháin.
- Saoráid treoshuimh agus fáiltithe a chruthú ag Cearnóg Uí Chléirigh arna tionlacan ag beochan den Cearnóg, agus roghanna a sholáthar chun dánlanna athchóirithe le haghaidh na n-ealaíon maisiúil agus le haghaidh na staire a thaiscéaladh.
- Dánlanna nua a fhorbairt le haghaidh na Domhaneolaíochta agus le haghaidh Chultúir an Domhain.
- Infheistíocht a dhéanamh in oideachas, cláreagrú agus saoráidí imeachtaí d'fhonn líon na gcuairteoirí a uasmhéadú, agus giniúint ioncaim a fheabhsú.

National Museum of Ireland – Decorative Arts & History

Collins Barracks, Dublin

- Develop Collins Barracks as the focal point of all NMI sites, centralising administration, research and development of services at this site.
- Create a link to Collins Barracks from the River Liffey to enhance visibility and integration with the city.
- Develop on-site facilities, including improved access to collections.
- Create an orientation and welcome facility at Clarke Square, accompanied by an animation of the Square, and provide options to explore revamped galleries for decorative arts, and for history.
- Develop new galleries for Earth Science and for World Cultures.
- Invest in education, programming and event facilities to maximise audiences, and improve income generation.



Taisclann na mBailiúchán

- Saoráidí saincheaptha a fhorbairt maidir le cúram do bhailiúcháin stóir AMÉ, chun tacú le gníomhaíochtaí an Mhúsaeim i mBaile Átha Cliath agus le bailiúchán Shaol na Tuaithe ag Páirc Thurlaigh, agus rochtain á cinntiú ar na bailiúcháin sin chun críocha taighde, oideachais agus taitneamh an phobail.
- Réitigh inbhuanaithe, fhadtéarma a sholáthar chun dualgas cúraim an Mhúsaeim a chomhlíonadh maidir leis na bailiúcháin atá á gcoimeád aige, lena n-áirítear saoráidí ilchineálacha chun freastal ar riachtanais éagsúla an bhailiúcháin, lena n-áirítear atmaisféar rialaithe, trealamh ardaithe, slándáil, inrochtaineacht, láthair, taighde agus rochtain phoiblí.

Collections Repository

- Develop bespoke facilities for the care of NMI's reserve collections, to support the Museum's activities in Dublin and the Country Life collection at Turlough Park, ensuring access to these collections for research, education and public enjoyment purposes.
- Provide sustainable, long-term solutions to meet the Museum's duty of care to the collections it holds, including diverse facilities to meet different needs of the collection, including controlled atmosphere, lifting equipment, security, accessibility, location, research and public access.



Leanfaimid orainn ag plé lenár
bpáirtithe leasmhara agus lucht féachana.

We will continue to engage with
our stakeholders and audiences.

www.museum.ie

**Lean sinn
Follow us:**

Twitter
[@NMIreland](https://twitter.com/NMIreland)

Facebook
[@NationalMuseumofIreland](https://www.facebook.com/NationalMuseumofIreland)

Instagram
[@nationalmuseumofireland](https://www.instagram.com/nationalmuseumofireland)

**Ard-Mhúsaem na hÉireann /
National Museum of Ireland**

www.museum.ie

+353 1 6777444